Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12258/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0266 (NLE)**

**TRANS 342**
**RELEX 1085**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hIompar Lasta de Bhóthar, a mhéid a bhaineann le leanúint leis an gComhaontú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 474 final.

Faoi iamh: COM(2025) 474 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 1.9.2025
COM(2025) 474 final

2025/0266 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hIompar Lasta de Bhóthar, a mhéid a bhaineann le leanúint leis an gComhaontú

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar a síníodh in Lyon an 29 Meitheamh 2022[1] (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), a mhéid a bhaineann le leanúint leis an gComhaontú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 29 Meitheamh 2022 ann. Faomhadh thar ceann an Aontais Eorpaigh é agus tháinig sé i bhfeidhm an 5 Nollaig 2022[2]. Le Cinneadh Uimh. 2/2023 ón gComhchoiste an 16 Márta 2023, cuireadh síneadh leis an gComhaontú go dtí an 30 Meitheamh 2024[3]. Leis an gComhaontú Leasaitheach a síníodh sa Bhruiséil an 20 Meitheamh 2024, rinneadh an Comhaontú a mhodhnú agus a fhadú go dtí an 30 Meitheamh 2025, agus rinneadh athnuachan intuigthe air go ceann tréimhse eile 6 mhí[4], agus cuireadh i bhfeidhm go sealadach é ó shin. An 17 Meitheamh 2025, ghlac Parlaimint na hEorpa a toiliú chun an Comhaontú Leasaitheach a thabhairt i gcrích agus an 15 Iúil 2025 ghlac an Chomhairle a cinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Leasaithigh. Tá feidhm ag an gComhaontú mar a leasaíodh go dtí an 31 Nollaig 2025.

Is é is aidhm don Chomhaontú iompar lasta de bhóthar idir an Úcráin agus an tAontas Eorpach, agus iompar lasta de bhóthar tríothu, a éascú ar bhonn sealadach, trí chearta breise idirthurais agus iompair earraí idir an Úcráin agus an tAontas a dheonú tar éis cogadh foghach neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin agus an tsuaite nach beag a thagann leis sin ar gach modh iompair san Úcráin.

Ó bhí mí Lúnasa 2023 ann, d'athsheol an Úcráin trácht tríd an Muir Dhubh, a úsáidtear go príomha chun grán a onnmhairiú, ach le hacmhainneacht theoranta le haghaidh earraí neamhthalmhaíochta. Mar sin féin, tá ábhair imní slándála fós criticiúil agus ní rogha iontaofa é an bealach sin go fóill chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin níos leithne na tíre, lena n-áirítear cabhair mhíleata agus dhaonnúil agus/nó breosla a sholáthar.

Sa chomhthéacs sin, is líne tharrthála don Úcráin anois iad na Lánaí Dlúthpháirtíochta idir an tAontas agus an Úcráin[5] ina n-úsáidtear iarnróid, bóithre agus uiscebhealaí intíre, rud a fhágann gur féidir roinnt táirgí talmhaíochta a onnmhairiú, rud a chuireann leis an tslándáil bia ar fud an domhain. Is iad an phríomhrogha i gcónaí iad chun earraí eile ón Úcráin a onnmhairiú (e.g. iarann, cruach) agus chun na hearraí uile a theastaíonn ón Úcráin a allmhairiú (lena n-áirítear breosla agus cabhair dhaonnúil). Meastar, i mí Aibreáin 2025,

---

[1] IO L 179, 6.7.2022, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2022/1158/oj.

[2] Cinneadh (AE) 2022/2435 ón gComhairle an 5 Nollaig 2022 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar (IO L 319, 13.12.2022, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2435/oj).

[3] IO L 123, 8.5.2023, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/929/oj.

[4] IO 2024/1878, 2.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2024/1878/oj.

[5] https://commission.europa.eu/topics/eu-solidarity-ukraine/eu-assistance-ukraine/eu-ukraine-solidarity-lanes_ga

gurbh ionann na Lánaí Dlúthpháirtíochta agus 70 % d'onnmhairí táirgí neamhthalmhaíochta na hÚcráine (i gcomparáid le thart ar 30 % tríd an Muir Dhubh), agus thart ar 20 % d'onnmhairí gráin, olashíolta agus táirgí gaolmhara na hÚcráine (i gcomparáid le thart ar 80 % tríd an Muir Dhubh)[6].

Tá an t-iompar de bhóthar ríthábhachtach don trádáil idir an tAontas agus an Úcráin trí na Lánaí Dlúthpháirtíochta. Tá sé thar a bheith tábhachtach d'allmhairí luachmhara neamhthalmhaíochta, ós rud é gur allmhairíodh beagnach 50 % den chineál sin earraí chuig an Úcráin de bhóthar in 2023, lenar cuimsíodh níos mó ná 75 % d'allmhairí neamhthalmhaíochta i dtéarmaí luacha.

Bunaíodh Comhchoiste chun maoirsiú agus faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe. Déanann sé cinneadh, go háirithe, maidir le leanúint leis an gComhaontú. I ndáil leis sin, ní mór don Chomhchoiste measúnú a dhéanamh 3 mhí ar a dhéanaí roimh dhul in éag an Chomhaontaithe, is é sin le rá an 30 Meán Fómhair 2025 ar a dhéanaí, ar an ngá atá ann leanúint leis an gComhaontú agus ní mór dó cinneadh a dhéanamh ina leith sin. I gcomhréir le hAirteagal 7(5) den Chomhaontú, is de chomhthoil a ghlacfaidh an Comhchoiste a chuid cinntí.

Tagann an togra seo sna sála ar dhá phlé a rinneadh an 17 agus an 22 Iúil 2025 i Meitheal na Comhairle um Iompar de Thalamh ar bhonn páipéar leathoifigiúil ón gCoimisiún.

- **Éifeachtaí an Chomhaontaithe**

Deimhnítear leis na sonraí atá ar fáil don Choimisiún go gcomhlíonann an Comhaontú feidhm fhíor-riachtanach fós do gheilleagar na hÚcráine agus go bhfuil sé ríthábhachtach i gcónaí d'onnmhairí an Aontais chuig an Úcráin.

- De réir Eurostat, tháinig méadú suntasach ar mhéid allmhairí an Aontais ón Úcráin de bhóthar tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe. Tháinig méadú 64 % ar allmhairí an Aontais de bhóthar ón Úcráin, ó 1 800 míle tona in R3/2021 go 2 945 mhíle tona in R3/2022 (gach earra). Ó shin i leith, tá allmhairí an Aontais ón Úcráin cobhsaithe, ag sroicheadh 7 749 míle tona in 2024, méid atá 13 % os cionn an 6 869 míle tona in 2021, roimh chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Ó thaobh luacha de, tá méadú 12 % tagtha ar allmhairí an Aontais de bhóthar ón Úcráin, ó EUR 9 006 mhilliún in 2021 go EUR 10 108 milliún in 2024.
- Tháinig méadú 36 % ar onnmhairí an Aontais de bhóthar chuig an Úcráin, ó 1 797 míle tona in R3/2021 go 2 446 mhíle tona in R3/2022 de réir sonraí ó Eurostat (gach earra). Ó shin i leith, tá méideanna foriomlána onnmhairí an Aontais de bhóthar chuig an Úcráin cobhsaithe, ag sroicheadh 7 617 míle tona in 2024, méid atá 11 % os cionn an 6 873 mhíle tona in 2021, roimh chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Ó thaobh luacha de, tá méadú 48 % tagtha ar onnmhairí an Aontais de bhóthar chuig an Úcráin, ó EUR 22 526 mhilliún in 2021 go EUR 33 434 mhilliún in 2024.
- Ó síníodh an Comhaontú, tá méadú tagtha dá bhrí sin ar luach onnmhairí an Aontais de bhóthar chuig an Úcráin ar luas níos airde ná allmhairí ón Úcráin, rud a d'fhág go

[6] Foinse: Meastacháin an Choimisiúin Eorpaigh féin, bunaithe ar shonraí arna soláthar ag seirbhísí custaim na hÚcráine.

raibh comhardú trádála 73 % níos airde in 2024 ná mar a bhí in 2021 (ó EUR 13 520 milliún in 2021 go EUR 23 326 mhilliún in 2024).

- Léirítear leis na figiúirí sin go raibh barrfheabhsú na hacmhainneachta bóithre ríthábhachtach chun tacú le conairí malartacha idir an tAontas agus an Úcráin, chun cabhrú le geilleagar na hÚcráine agus chun iompar riachtanach na n-earraí atá de dhíth air a cheadú, nuair nach raibh fáil ar bhealaí iompair traidisiúnta sa réigiún mar gheall ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.
- Deimhnítear na treochtaí dearfacha sin ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh beagnach gach Ballstát, agus go háirithe le haghaidh na mBallstát atá comharsanach leis an Úcráin de réir sonraí Eurostat. Sa Pholainn, bhí luach na n-onnmhairí de bhóthar chuig an Úcráin 85 % níos airde in 2024 ná mar a bhí in 2021, agus tháinig méadú 8 % ar na hallmhairí de bhóthar ón Úcráin le linn na tréimhse céanna, rud a d’fhág go raibh comhardú trádála dearfach EUR 8 237 milliún ann in 2024. Sa Rómáin, bhí luach na n-onnmhairí de bhóthar chuig an Úcráin 124 % níos airde in 2024 ná mar a bhí in 2021, agus tháinig méadú 15 % ar na hallmhairí de bhóthar ón Úcráin le linn na tréimhse céanna, rud a d’fhág go raibh comhardú trádála dearfach EUR 677 milliún ann in 2024. Sa tSlóvaic, bhí luach na n-onnmhairí de bhóthar chuig an Úcráin 106 % níos airde in 2024 ná mar a bhí in 2021, agus tháinig méadú 31 % ar na hallmhairí de bhóthar ón Úcráin le linn na tréimhse céanna, rud a d’fhág go raibh comhardú trádála dearfach EUR 803 mhilliún ann in 2024. Is san Ungáir amháin a tháinig laghdú beag ar chomhardú na trádála, ós rud é gur tháinig laghdú 17 % ar luach na n-onnmhairí de bhóthar idir 2021 agus 2024 agus gur tháinig laghdú 22 % ar allmhairí de bhóthar le linn na tréimhse céanna, rud a d’fhág go raibh comhardú trádála diúltach EUR 90 milliún ann in 2024.
- Léirítear tábhacht an iompair de bhóthar freisin ós rud é gur de bhóthar a iompraíodh 80 % d’allmhairí breosla na hÚcráine ón Aontas. Cuimsíonn an t-iompar de bhóthar thart ar 70 % de na táirgí cógaisíochta a allmhairítear chuig an Úcráin ón Aontas agus iompraíodh thart ar 80 % de na hallmhairí cógaisíochta uile chuig an Úcráin ar fud an Aontais de bhóthar. Dá bhrí sin, tá na conairí talún ríthábhachtach i gcónaí, ní hamháin le haghaidh gráin, ach tá sé tábhachtach freisin go bhfuil siad ann le haghaidh gach táirge eile a bhfuil gá ag an Úcráin leo nó a onnmhairíonn sí.
- Bhunaigh an Úcráin conair mhalartach sa Mhuir Dhubh i mí Lúnasa 2023 chun grán den chuid is mó a onnmhairiú. Mar sin féin, tá an chonair sin fós faoi réir ionsaithe ón Rúis. Meastar go bhfuil acmhainneacht na conaire sin thart ar 100 milliún tona in aghaidh na bliana, agus bhí acmhainneacht na Mara Duibhe roimh an gcogadh cothrom le 150 milliún tona in aghaidh na bliana. I mí Aibreáin 2025, is éard a bhí in onnmhairí na hÚcráine tríd an Muir Dhubh thart ar 4.6 milliún tona, lena n-áirítear thart ar 3.2 milliún tona de tháirgí talmhaíochta, agus thart ar 1.4 milliún tona d’earraí neamhthalmhaíochta, agus measadh gurbh éard a bhí in allmhairí na hÚcráine tríd an Muir Dhubh thart ar 0.7 milliún tona i mí Aibreáin 2025[7]. Cé gur luachmhar an ghné don onnmhairiú gráin í conair mhalartach seo na Mara Duibhe, ní féidir í a chur in ionad iompar de bhóthar le haghaidh na n-earraí uile, a mhéid a bhaineann le hallmhairí na hÚcráine ón Aontas den chuid is mó. Thairis sin, cuireann an t-iompar de bhóthar rogha mhalartach níos solúbtha agus níos iontaofa ar fáil ná

[7] Foinse: Meastacháin an Choimisiúin Eorpaigh féin, bunaithe ar shonraí arna soláthar ag seirbhísí custaim na hÚcráine.

modhanna eile iompair, agus go háirithe i gcás earraí a bhfuil breisluach ard ag baint leo.

- Tugann na sonraí atá ar fáil le fios go bhfuil laghdú tagtha ar líon iompróirí bóthair an Aontais a thrasnaíonn teorainn na hÚcráine ó 370 000 in 2021 agus 345 000 in 2022 go 303 000 in 2023 agus 203 000 in 2024[8]. Tuairiscíonn roinnt Ballstát gur chaill na tarlóirí bóthair atá bunaithe ar a gcríocha sciar den mhargadh i gcomparáid leis na tarlóirí bóthair atá bunaithe san Úcráin a mhéid a bhaineann leis an méid trádála de bhóthar idir an tAontas agus an Úcráin. Maíonn na Ballstáit sin go mbeadh sé sin mar thoradh ar chostais oibriúcháin níos ísle ar tharlóirí na hÚcráine. D'fhéadfadh sé gur chuir roinnt tosca eile leis an laghdú sin. De dheasca an chogaidh, tá sé níos deacra do tharlóirí an Aontais a bheith gníomhach san Úcráin, go háirithe mar gheall ar an drogall atá ar tharlóirí an Aontais dul chuig codanna áirithe den Úcráin atá níos gaire don túslíne agus mar gheall ar an deacracht a bhaineann le hárachas a fháil chun rioscaí a bhaineann leis an gcogadh a chumhdach. Thairis sin, níl in oibríochtaí iompair de bhóthar ón Úcráin agus chuig an Úcráin ach cion beag de ghnó tharlóirí an Aontais ar an meán, fiú ó Bhallstáit teorannacha. Dá bhrí sin, cé go bhféadfadh tionchar ar an margadh a bheith le brath ar an leibhéal áitiúil, níl aon fhianaise ag an gCoimisiún go bhfuil an Comhaontú ina chúis le haon saobhadh mór ar mhargaí iompair de bhóthar na mBallstát.

## 3. LEANÚINT LEIS AN GCOMHAONTÚ

- **An Comhchoiste**

Le hAirteagal 7 den Chomhaontú, bunaíodh Comhchoiste chun maoirsiú agus faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a fheidhmiú i bhfianaise a chuid cuspóirí. De réir na forála sin, ionadaithe ó na Páirtithe atá ar an gComhchoiste. Is de chomhthoil a dhéanann sé a chuid cinntí agus tá siad ina gceangal ar na Páirtithe.

De réir Airteagal 7(2), tionólfar an Comhchoiste 3 mhí ar a dhéanaí roimh dhul in éag an Chomhaontaithe chun measúnú a dhéanamh ar an ngá leanúint leis an gComhaontú agus cinneadh a dhéanamh ina leith sin agus i leith fhad na leanúna.

- **An gníomh atá beartaithe ag an gComhchoiste**

Ba cheart an Comhchoiste cinneadh a ghlacadh maidir le leanúint leis an gComhaontú go dtí an 31 Márta 2027, i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den Chomhaontú.

Is iomaí cúis atá leis an síneadh:

– Ar an gcéad dul síos, léiríodh leis an bhfaireachán ar an gComhaontú go raibh ról ríthábhachtach aige i gcomhthéacs na Lánaí Dlúthpháirtíochta, lena gcuirtear líne tharrthála ar fáil do gheilleagar na hÚcráine, ní hamháin chun táirgí talmhaíochta a onnmhairiú, ach chun onnmhairiú earraí neamhthalmhaíochta na hÚcráine a éascú freisin.

– Ar an dara dul síos, bhí an Comhaontú ríthábhachtach freisin chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag an Úcráin ar na hallmhairí atá de dhíth uirthi, lena n-áirítear breosla agus cabhair dhaonnúil. I ndáil leis an méid sin, bhí ról lárnach aige sa bhorradh ar onnmhairí an Aontais chuig an Úcráin, rud a chuir gnóthachain

[8] Foinse: Sonraí arna soláthar ag údaráis na hÚcráine.

eacnamaíocha ar fáil don Aontas agus dá Bhallstáit. D'fhéadfadh sé freisin, go háirithe i gcás na mBallstát teorannach, rannchuidiú le cothromaíocht a bhaint amach i leith na honnmhairí chuig an Rúis titim go tobann mar thoradh ar smachtbhannaí an Aontais.

– Ar an tríú dul síos, léiríonn an méadú ar thrádáil de bhóthar idir an tAontas agus an Úcráin go bhfuil an Comhaontú ríthábhachtach agus go mbeidh i gcónaí chun tacú leis an Úcráin agus lena hiarrachtaí atógála i bhfianaise chogadh foghach na Rúise.

– Ar an gceathrú dul síos, níor shainaithin an Coimisiún aon suaitheadh mór ar mhargadh tarlóirí an Aontais mar gheall ar an gComhaontú. Tá teorainn leis an iomaíocht éagórach a d'fhéadfadh a bheith ann ó tharlóirí Úcránacha laistigh den Aontas a eascraíonn as an gComhaontú, ós rud é nach ndeonaítear ach cearta teoranta do tharlóirí Úcránacha chun rochtain a fháil ar an margadh i gcomparáid leis na cearta atá ag tarlóirí atá bunaithe i mBallstáit an Aontais. Go deimhin, ní cheadaítear ach trádáil dhéthaobhach agus idirthurais faoin gComhaontú, agus toirmeasc á chur ar thrádáil trasteorann agus ar chabatáiste. Thairis sin, níl in oibríochtaí iompair de bhóthar ón Úcráin agus chuig an Úcráin ach cion beag de ghnó tharlóirí an Aontais ar an meán. Dá bhrí sin, cé go bhféadfadh tionchar ar an margadh a bheith le brath ar an leibhéal áitiúil nó ar an leibhéal réigiúnach, rud a bhfuil faireachán níos dlúithe de dhíth air, níl aon fhianaise ann go bhfuil an Comhaontú ina chúis le haon saobhadh mór ar an margadh iompair de bhóthar, ar leibhéal an Aontais nó fiú ar an leibhéal náisiúnta.

– Ar an gcúigiú dul síos, leis na modhnuithe ar an gComhaontú a rinneadh in 2024, neartaíodh forfheidhmiú an Chomhaontaithe go substaintiúil, lena mbunaítear creat dlíthiúil lenar féidir rialuithe éifeachtacha a dhéanamh agus mí-úsáidí a chosc. Tionóladh cruinnithe na meithle *ad hoc* maidir le cur chun feidhme praiticiúil an Chomhaontaithe, a bunaíodh faoi Airteagal 7A de, an 24 Márta agus an 25 Meitheamh 2025. Ní raibh aon fhianaise san fhaireachán ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar aon saincheist mhór maidir le neamhchomhlíonadh nó mí-úsáidí. Go háirithe, níor eascair aon deacracht shuntasach as cur chun feidhme na hoibleagáide atá ar thiománaithe an t-údarú a iompar san fheithicil, faoi Airteagal 5A den Chomhaontú, agus tá an cód QR a áirítear sna húdaruithe arna n-iompar ag tarlóirí na hÚcráine éifeachtach chun rialú éifeachtach ar iad a bheith ann agus ar a mbailíocht a chumasú. Is cosúil go n-urramaítear go maith an oibleagáid greamán a iompar faoi Airteagal 5C den Chomhaontú. A mhéid a bhaineann le cur chun feidhme na mbeart is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh oibreoirí tarlaithe de bhóthar a n-oibleagáidí, faoi Airteagal 5D den Chomhaontú, thuairiscigh Ballstát amháin líon suntasach sáruithe, atá faoi réir na nósanna imeachta is gá san Úcráin faoi láthair, le rannpháirtíocht na n-oibreoirí lena mbaineann, chun go bhféadfaí aon bheart leantach is gá a ghlacadh. Go dtí seo, níor fhág aon cheann de na tuarascálacha sin nár ceadaíodh oibreoirí tarlaithe de bhóthar na hÚcráine an deis leas a bhaint as na cearta a leagtar síos leis an gComhaontú in Airteagal 5D(3) de. Ar deireadh, níor thuairiscigh na Ballstáit aon saincheist a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme na hoibleagáide doiciméid áirithe a iompar ag seiceálacha cois bóthair chun seirbhísí iompair de bhóthar a rialú, faoi Airteagal 5B den Chomhaontú, nó maidir le cur chun feidhme an chlásail um chúnamh frithpháirteach a leagtar amach in Airteagal 5E den Chomhaontú.

Thairis sin, is gá leanúint leis an gComhaontú go dtí an 31 Márta 2027, toisc go bhfuil na dálaí lenar tugadh údar le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe bhunaidh fós i réim. Níor cuireadh stop le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus bheadh ról lárnach ag

an gComhaontú maidir le cúnamh a thabhairt d'iarrachtaí atógála na hÚcráine, fiú i gcás sos comhraic nó próiseas síochána.

Is amhlaidh fós go bhfuil tionchar diúltach ar an tionscal tarlaithe de bhóthar á agairt ag dhá Bhallstát a bhfuil teorainn acu leis an Úcráin agus á agairt ag dhá Bhallstát eile. Tá easpa sonraí ann faoi láthair chun measúnú a dhéanamh ar mhéid na faidhbe a d'fhéadfadh a bheith ann, ar a mhéid atá sé mar thoradh ar an gComhaontú, agus ar na leigheasanna a d'fhéadfadh a bheith ann. Dá bhrí sin, ba cheart a chur san áireamh in aon síneadh breise ar an gComhaontú torthaí staidéir ar thionchar an Chomhaontaithe ar thionscal an iompair de bhóthar, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, ar staidéar é ba cheart a chur chuig an gCoimisiún roimh dhul in éag an Chomhaontaithe an 31 Márta 2027. Bainfidh an staidéar sin le gach ceann de na seacht mBallstát is fiche ach tabharfar aird ar leith ar na Ballstáit ar dócha go mbeidh orthu aghaidh a thabhairt ar iomaíocht dhíreach ó tharlóirí Úcránacha agus, ar an gcéad dul síos, orthu siúd atá ar theorainn na hÚcráine (an Pholainn, an tSlóvaic, an Ungáir agus an Rómáin) agus, ar an dara dul síos, ar na Ballstáit sin a bhféadfaí tionchar níos dírí a imirt orthu ná an chuid eile de na Ballstáit cé nach bhfuil teorainn acu leis an Úcráin (an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, Poblacht na Seice, an tSlóivéin, an Chróit, an Bhulgáir). A mhéid a bhaineann leis na Ballstáit a bhfuil teorainn acu leis an Úcráin, breathnóidh sé freisin ar aon éifeacht fhonáisiúnta nó ar aon éifeacht do chatagóir áirithe iompróirí. Tabharfar tuairisc sa staidéar go háirithe ar sheasamh tharlóirí an Aontais agus na hÚcráine, faoi seach, maidir le hiompar earraí de bhóthar idir an tAontas agus an Úcráin; cuirfidh sé i gcomparáid é leis an staid réamhchogaidh; míneofar ann na cúiseanna atá le haon fhorbairt; míneofar ann tionchar a bheidh ag aon fhorbairt; chun leasanna oibreoirí an Aontais a chosaint, molfaidh sé leigheasanna ar aon tionchar diúltach a thugtar faoi deara, lena n-áirítear, más iomchuí, deireadh a chur leis an gComhaontú agus bearta iomchuí eile i bhfabhar na hÚcráine a chur ina ionad.

Thairis sin, chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní maidir leis an gcothrom iomaíochta idir oibreoirí tarlaithe de bhóthar an Aontais agus na hÚcráine a d'ardaigh roinnt Ballstát (féach thuas), beidh ailíniú luath na hÚcráine le codanna móra de *acquis* an Aontais maidir le hiompar de bhóthar mar chuid de threochlár, a comhaontaíodh le rialtas na hÚcráine agus a ndéanfaidh an Coimisiún faireachán air. Cuirfear an dul chun cinn san áireamh maidir le haon fhadú breise ar an gComhaontú. Bainfidh sé sin go háirithe le colún sóisialta an *acquis* maidir le hiompar de bhóthar (amanna tiomána, sosanna agus tréimhsí scíthe; amanna oibre), na tacagraif chliste leagan 2 a thabhairt isteach go luath agus colún margaidh an *acquis* maidir le hiompar de bhóthar (clár leictreonach náisiúnta de ghnóthais iompair de bhóthar a bhunú a chomhlíonann sonraíochtaí an Aontais, coinníollacha a bhaineann leis an gceanglas bunaíochta) i gcomhréir leis an bhfoscríbhinn a ghabhann leis an dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis seo. Roghnaíodh na hoibleagáidí sin toisc gur gnéithe den *acquis* iad nár thrasuigh an Úcráin go fóill agus atá ríthábhachtach chun cothrom iomaíochta a chruthú idir an tAontas agus an Úcráin faoi chuimsiú an Chomhaontaithe (rochtain ar rialacha an mhargaidh agus ar rialacha sóisialta). Ba cheart é sin a mheas i bhfianaise na caibidlíochta aontachais atá ann faoi láthair.[9]

Tagann an togra seo i ndiaidh togra maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le hIompar Lasta de Bhóthar idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin[10], a mhéid a bhaineann le leanúint leis an gComhaontú sin[11]. Baineann an togra seo le síneadh 18 mí a chur leis an gComhaontú le

---

9 EUCO 20/23
10 IO L 181, 7.7.2022, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2022/1165/oj.
11 COM(2025)411 final

Poblacht na Moldóive, a shínigh an tAontas an 29 Meitheamh 2022[12] agus ar cuireadh síneadh leis go dtí an 31 Nollaig 2025[13].

## 4. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Dá bhrí sin, ba cheart an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a bheith i gcomhréir leis an dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an togra seo.

## 5. AN BUNÚS DLÍ

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí ón gComhairle lena mbunófar 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist.

Is comhlacht é an Comhchoiste a bunaíodh le comhaontú, is é sin an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar.

An cinneadh atá beartaithe maidir le síneadh a chur le fad an Chomhaontaithe, a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla aige agus beidh sé ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den Chomhaontú.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh ón gComhairle atá beartaithe.

Braitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

Is leis an iompar de bhóthar a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe. Dá bhrí sin, is é Airteagal 91 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

## 6. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Is iomchuí an cinneadh ón gComhchoiste a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

---

[12] IO L 226, 14.9.2023, lch. 1.
[13] IO 2024/1266, 30.4.2024.

2025/0266 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hIompar Lasta de Bhóthar, a mhéid a bhaineann le leanúint leis an gComhaontú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shínigh an tAontas an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hIompar Lasta de Bhóthar[14] ('an Comhaontú') an 29 Meitheamh 2022 agus tháinig sé i bhfeidhm an 5 Nollaig 2022[15].

(2) Le hAirteagal 7(1) den Chomhaontú, bunaítear Comhchoiste chun maoirsiú agus faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a fheidhmiú i bhfianaise a chuid cuspóirí. De bhun Airteagal 7(2) den Chomhaontú, tá an Comhchoiste le tionól 3 mhí ar a dhéanaí roimh dhul in éag an Chomhaontaithe chun measúnú a dhéanamh ar an ngá le leanúint leis an gComhaontú agus cinneadh a dhéanamh ina leith sin.

(3) I gcomhréir le Cinneadh Uimh. 2/2023 ón gComhchoiste an 16 Márta 2023[16], cuireadh síneadh leis an gComhaontú go dtí an 30 Meitheamh 2024.

(4) Leis an gComhaontú Leasaitheach a síníodh an 20 Meitheamh 2024, rinneadh an Comhaontú a mhodhnú agus a fhadú go dtí an 30 Meitheamh 2025, agus rinneadh athnuachan intuigthe air go ceann tréimhse eile 6 mhí[17]. Cuireadh an Comhaontú Leasaitheach i bhfeidhm go sealadach ó dháta a shínithe. An 17 Meitheamh 2025, ghlac Parlaimint na hEorpa a toiliú chun an Comhaontú Leasaitheach a thabhairt i gcrích agus an 15 Iúil 2025 ghlac an Chomhairle a cinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Leasaithigh. Tá feidhm ag an gComhaontú go dtí an 31 Nollaig 2025.

(5) Chun go leanfar leis an tairbhe a bhaineann an tAontas Eorpach agus an Úcráin araon as éifeachtaí dearfacha an Chomhaontaithe maidir le hiompar lasta de bhóthar a éascú idir an Úcráin agus an tAontas Eorpach agus maidir le tacú le dea-fheidhmiú na Lánaí Dlúthpháirtíochta i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ba cheart síneadh a chur leis an gComhaontú go dtí an 31 Márta 2027.

---

14 IO L 179, 6.7.2022, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2022/1158/oj.

15 IO L 226, 14.9.2023, lch. 2.

16 IO L 123, 8.5.2023, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/929/oj.

17 IO 2024/1878, 2.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2024/1878/oj.

(6) Le linn an chéad chruinnithe eile a bheidh aige, tá an Comhchoiste le cinneadh a ghlacadh maidir leis an ngá atá ann leanúint leis an gComhaontú, lena n-áirítear fad na leanúna sin. Beidh an cinneadh sin ceangailteach ar an Aontas.

(7) Dá bhrí sin, is gá an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú a mhéid a bhaineann le leanúint leis an gComhaontú,

(8) I bhfianaise na n-ábhar imní agus na n-éiginnteachtaí maidir le tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag an gComhaontú ar roinnt Ballstát, seolfaidh an Coimisiún staidéar ar thionchar an Chomhaontaithe ar thionscal an iompair de bhóthar, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart aon síneadh breise a bheith faoi réir dul chun cinn sásúil a dhéanfar maidir le reachtaíocht na hÚcráine a ailíniú leis an rochtain ábhartha ar an margadh agus le *acquis* sóisialta an Aontais maidir le hiompar de bhóthar nár trasuíodh go fóill agus ba cheart torthaí an staidéir a chur san áireamh.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais a mhéid a bhaineann le leanúint leis an gComhaontú, lena n-áirítear fad na tréimhse sin, a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 7 den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar ('an Comhaontú'), a mhéid a bhaineann le leanúint leis an gComhaontú, lena n-áirítear fad na tréimhse sin, bunófar an seasamh sin ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais laistigh den Chomhchoiste mionathruithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste a aontú gan Cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*